C/2024/6868

28.11.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Seirbhísí pobail don mheabhairshláinte

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/6868)

Rapóirtéir: **Pietro Vittorio BARBIERI**

Comhairleoir	Gisella TRINCAS (thar ceann an rapóirtéara)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús nós imeachta	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	4.9.2024
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	76/1/0
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	18.9.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	590
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	204/1/3

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Aontaíonn CESE le haidhmeanna agus cuspóirí chur chuige cuimsitheach an Choimisiúin Eorpaigh i leith na meabhairshláinte, go háirithe sa chaibidil maidir le gníomhaíochtaí: an mheabhairshláinte a chomhtháthú i ngach beartas; seirbhísí coisc agus luathdhiagnóise a chur chun cinn chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna meabhairshláinte; borradh a chur faoi mheabhairshláinte leanaí, daoine óga agus daoine scothaosta; cabhrú leo siúd is mó atá i ngátar; dul i ngleic le rioscaí síceasóisialta ag an obair agus iad a chosc; córais mheabhairshláinte a neartú agus an rochtain ar chóireáil agus ar chúram a fheabhsú; deireadh a chur le stiogmaí agus réamhchlaontaí; agus an mheabhairshláinte a chothú ar fud an domhain.

1.2. Tá CESE den tuairim gur gá go mbeidh an tsochaí ina hiomláine eolach ar chúrsaí meabhairshláinte. Go deimhin, ní mór a bheith in ann leas a bhaint as acmhainneacht iomlán straitéisí coisctheacha chun cur le feasacht an phobail chun gur féidir dul i ngleic leis an stiogma i bpobail oscailte, agus chun gur fearr a bheifear in ann riochtaí meabhairshláinte a aithint agus a dhiagnóisiú ag céim luath ar mhaithe le luathidirghabháil.

1.3. Measann CESE gur rud ríthábhachtach é an comhar i measc na n-earnálacha chun a áirithiú go n-oibreoidh earnálacha an oideachais, na fostaíochta, an chúraim shóisialta agus an chúraim meabhairshláinte le chéile chun cabhrú le daoine an saol is fearr is féidir a chaitheamh. Leis na beartais, ba cheart díriú ar chóras meabhairshláinte comhtháthaithe a bhaint amach, ós rud é go bhfuil baint ag saol an duine le níos mó ná saineolas earnála amháin ar leith. Is é an sprioc atá ann a bheith in ann acmhainneacht iomlán daoine a bhaint amach d'fhonn tacú leo agus iad sa tóir ar an sonas, rud ba mhaith le gach duine a bhaint amach.

1.4. Tacaíonn CESE le féinionadaíocht daoine a bhfuil meabhairghalar orthu a chur chun cinn agus na daoine sin a chumhachtú. Tá an méid sin ríthábhachtach chun rannpháirtíocht iomlán daoine sna próisis a dhéanann difear dóibh a áirithiú agus chun straitéisí agus cláir a chomhchruthú chun tacú leis na daoine sin. Is éard atá i gceist leis sin cúram a phleanáil, a dhearadh, a sholáthar agus meastóireacht a dhéanamh air. Is cinnte go dtabharfaí le tuiscint leis sin go mbeadh clár tacaíochta teicniúla agus airgeadais ann le haghaidh struchtúir féinbhainistíochta, a mbíonn eagraíochtaí neamhbhrabúsacha freagrach astu de ghnáth.

1.5. Molann CESE do na Ballstáit, do phobail áitiúla, do ghairmithe, d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta (lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta) agus do na gníomhaithe stáit agus neamhstáit go léir éiceachóras seirbhísí pobalbhunaithe a thógáil chun tacaíocht a thabhairt do dhaoine ar fud na hEorpa a bhfuil riocht meabhairshláinte orthu. Go háirithe, leagann CESE béim ar bhunchlocha na timpeallachta nach mór a chruthú de réir na dtásc atá curtha le chéile cheana féin ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS): sealanna in ospidéil shíciatracha a laghdú (rud atá ag tarlú san Iodáil cheana féin); deireadh a chur le cleachtais chomhéigneacha; an mhíchothromaíocht i gcumhacht seirbhísí a athrú agus leanúint den chlaochlú ó sheirbhísí scartha go cleachtais phearsantaithe; seirbhísí agus gairmithe a chur ar fáil a mbeidh ar a gcumas an claochlú riachtanach a chur i gcrích bunaithe ar chearta an duine, ag tosú le dínit an duine aonair; athrú a dhéanamh ar chinniúint na mílte (agus a dteaghlach), a mbíonn orthu maireachtáil faoi na dálaí sin; cur i gcoinne an stiogma chun dinimic dhearfach a spreagadh i dtreo cuimsiú sóisialta agus rannpháirtíocht i saol an phobail.

1.6. Tá CESE den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach go mbeadh an t-éiceachóras bunaithe ar threoirlínte beachta: ba cheart don chur chuige maidir le 'buiséad pearsanta' feidhmiú mar spreagadh do chaiteachas na stát agus na bpobal; ba cheart do sheirbhísí diagnóiseacha agus cóireála a bheith chomh gar agus is féidir d'áit chónaithe an duine a bhainfidh leas astu agus ní mór a áirithiú gur áiteanna taitneamhacha iad ionad na seirbhísí sin le cuairt a thabhairt orthu freisin; ní mór ceart an othair a áirithiú maidir le rogha a dhéanamh cónaí i suíomhanna neamh-leithscartha, nach mbeidh níos mó ná 3-5 leaba iontu riamh; ba cheart seirbhísí fostaíochta, oideachais agus foghlama ar feadh an tsaoil a áirithiú lena nglactar straitéisí agus uirlisí leordhóthanacha agus pearsantaithe; ba cheart oiliúint leordhóthanach a chur ar ghairmithe, lena n-áirítear ionchur ón taighde is forbartha; agus ní mór seirbhísí comhairleoireachta idir piaraí a chur ar fáil ós rud é gur mó a fhoghlaimíonn daoine uathu siúd a raibh taithí den sórt céanna acu. Measann CESE gur rud ríthábhachtach é an cuspóir maidir le treoirlínte soiléire a bhunú chun gur féidir caighdeáin tagartha a chinneadh.

1.7. Tá CESE suite de nach mór sonraí imdhealaithe agus staidreamh eacnamaíoch imdhealaithe a fháil chun go mbeidh sé ar chumas na mBallstát agus na bpobal pleanáil náisiúnta agus áitiúil a dhéanamh.

1.8. Leagtar amach an dúshlán is mó sa chaibidil maidir le hacmhainní. Ní mór an chost-éifeachtúlacht a chur san áireamh. Tá litríocht idirnáisiúnta chomhdhlúite ann anois a thugann le tusicint gur mó i bhfad an costas a bhaineann le heaspa gníomhaíochtaí nó seirbhísí leithscartha ná le bheith ag obair i dtreo seirbhísí cuimsitheacha. Próiseas fada agus casta atá i gceist, ach measann CESE go bhfuil sé ríthábhachtach tabhairt faoi má mheastar gur bunchloch de chuid an Aontais í an Chairt um Chearta Bunúsacha. Dá bhrí sin, ní mór a áirithiú gur ar mhaithe le tacaíochtaí pobalbhunaithe, seachas ar mhaithe le hinstitiúidí, a chuirtear na hinfheistíochtaí sin chun feidhme ar gach leibhéal.

1.9. Tá CESE ag iarraidh go rachfaí i mbun gnímh. Iarrann sé ar na hinstitiúidí Eorpacha agus idirnáisiúnta, na Ballstáit, na pobail áitiúla agus an tsochaí shibhialta eagraithe (lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta) bearta práinneacha a dhéanamh chun an t-aistriú a eagrú. Tá sé beartaithe ag CESE tacaíocht a thabhairt do na tionscnaimh go léir as a n-eascraíonn comhthoil leathan a d'fhéadfadh an ceann is fearr a fháil ar an stiogma leanúnach sa phróiseas cinnteoireachta. Ní mór an príomhról a bheith ag na daoine a bhfuil riocht meabhairshláinte orthu agus na heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht ar na daoine sin. Is gá conair struchtúrtha a leagan amach don chomhdháil chomhthuisceana a leathnófaí chuig na hinstitiúidí.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Léiríodh i suirbhé Eorabharaiméadair ([1]) a rinneadh le déanaí a mhéid a bhíonn tionchar ag an meabhairshláinte ar shaoránaigh na hEorpa agus a oiread imní a chuireann sí orthu: thuairiscigh 46 % díobh go raibh fadhb mhothúchánach nó shíceasóisialta acu le 12 mhí anuas, d'aontaigh 89 % díobh gur den tábhacht an mheabhairshláinte a chur chun cinn agus thuairiscigh 25 % díobh go raibh deacrachtaí ag duine muinteartha leo maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí meabhairshláinte.

2.2. Luaitear an méid seo a leanas i gcur chuige cuimsitheach an Choimisiúin Eorpaigh i leith na meabhairshláinte ([2]):

— is dlúthchuid den tsláinte í an mheabhairshláinte;

— bíonn tionchar ag tosca éagsúla uirthi (idir phearsanta, chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíoch, sin agus géarchéimeanna amhail paindéim COVID-19, an cogadh san Úcráin, boilsciú agus an ghéarchéim fuinnimh);

([1]) https://europa.eu/eurobarometer/surveys/detail/3032.
([2]) https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/promoting-our-european-way-life/european-health-union/comprehensive-approach-mental-health_ga.

— sular tharla paindéim COVID-19, bhí fadhbanna meabhairshláinte ag duine amháin as seisear san Aontas, rud a raibh costas níos mó ná 4 % de OTI ag baint leis; agus

— is iad na géarchéimeanna thuasluaite agus na roghanna polaitiúla agus eagraíochtúla a dhéanann na rialtais is cúis leis an gcostas sin;

— is saincheist í a bhaineann leis na grúpaí is laige den tsochaí, go háirithe daoine óga, agus is é an féinmharú an dara príomhchúis le bás i measc an ghrúpa sin ([3]).

2.3. Cumhdaítear an ceart chun rochtain a fháil ar chúram sláinte, lena n-áirítear cúram sláinte coisctheach, i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus i gColún Eorpach na gCeart Sóisialta, ina luaitear gur cheart seasamh leis an gceart sin trí sheirbhísí ardcháilíochta a chur ar fáil lena n-urramaítear an duine agus na daoine sin lena mbaineann go díreach rannpháirteach iontu.

2.4. Tá an Teachtaireacht ón gCoimisiún Eorpach bunaithe ar thrí phrionsabal: an cosc leordhóthanach éifeachtach; an rochtain ar chúram agus cóir leighis ardcháilíochta inacmhainne; agus an t-ath-imeascadh sa tsochaí tar éis an téarnaimh.

2.5. Seo thíos an seasamh a leagann CESE amach sa tuairim uaidh *Bearta chun an mheabhairshláinte a fheabhsú* ([4]):

— Iarrann sé go ndéanfaí athchóiriú ar chórais sláinte an Aontais chun a áirithiú go ndéanfar meabhairghalair a chosc, a bhrath go luath agus a scagadh agus go nglacfar cur chuige duinelárnach ar an leibhéal áitiúil.

— A mhéid a bhaineann le 'cur chuige cuimsitheach an Aontais i leith na meabhairshláinte', molann CESE go gcuirfí creat ama san áireamh, go mbeadh cistiú leordhóthanach ar fáil, go mbunófaí freagrachtaí agus go mbeadh táscairí san áireamh chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn, lena n-áirítear sa Seimeastar Eorpach. Ba cheart infheistíochtaí níos dírí san earnáil sláinte agus shóisialta a áireamh sna pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta ([5]).

— tacaíonn sé le córais mheabhairshláinte phobalbhunaithe atá bunaithe ar chearta an duine, agus atá duinelárnach agus téarnamhbhunaithe a fhorbairt lena dtugtar tús áite do chumhachtú agus do rannpháirtíocht ghníomhach an duine féin agus é ag téarnamh. Is é an sprioc dheiridh ba cheart a bheith ann feabhas a chur ar cháilíocht saoil daoine a bhfuil riochtaí meabhairshláinte orthu, i gcomhréir le prionsabail Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus aird á díriú ar riachtanais grúpaí sonracha agus leochaileacha san am céanna.

— Molann sé do na comhpháirtithe sóisialta tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh a dhíríonn ar dhálaí oibre a fheabhsú agus iad a chur chun cinn d'fhonn rioscaí síceasóisialta san ionad oibre a mheasúnú agus a dhíothú.

3. **Barúlacha sonracha**

3.1. Sa dara tuairim ó CESE ar an ábhar seo, tá sé ag iarraidh díospóireacht agus tograí a spreagadh d'fhonn an dícheangal a laghdú idir an méid a deirtear agus an méid a dhéantar i ndáiríre maidir le cúram meabhairshláinte agus seirbhísí sóisialta a chur ar fáil.

3.2. Is é 'an Tionscnamh Eorpach Neartaithe Acmhainneachta Meabhairshláinte' an chéad cheann de na tionscnaimh shuaitheanta a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le 'cur chuige cuimsitheach'. Trí thionscadal EUR 11 mhilliún atá á chur chun feidhme faoi láthair i gcomhar le EDS, tabharfaidh an Coimisiún Eorpach tacaíocht do na Ballstáit maidir le fothú acmhainneachta chun a gcórais mheabhairshláinte a neartú agus a athchóiriú.

3.3. Faoin naoú tionscnamh suaitheanta 'Youth First', tá an Coimisiún, i gcomhar le UNICEF, ag obair faoi láthair leis an gCipir, an tSlóivéin, an Iodáil agus an Spáinn (an Andalúis go sonrach) chun a gcumas riaracháin a neartú agus chun comhoibriú a chur chun cinn i measc riaracháin phoiblí náisiúnta. Is é cuspóir an tionscnaimh cáilíocht na seirbhísí meabhairshláinte i gcoitinne a fheabhsú agus tugtar tacaíocht dó tríd an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil.

([3]) *The consequences of the COVID-19 pandemic on mental health and implications for clinical practice*.
([4]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Bearta chun an mheabhairshláinte a fheabhsú (IO C 349, 29.9.2023, lch. 100).
([5]) Pleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta:https://commission.europa.eu/business-economy-euro/economic-recovery/recovery-and-resilience-facility_ga.

3.4. Faoin 16ú tionscnamh suaitheanta, cuireann an Coimisiún Eorpach in iúl go bhfuil rún aige tacaíocht theicniúil a thairiscint do na Ballstáit chun cabhrú leo athchóirithe meabhairshláinte a chur i bhfeidhm i roinnt earnálacha, chun feabhas a chur ar infhaighteacht seirbhísí meabhairshláinte trasearnála ar fud an Aontais. Faoin nglao a seoladh in 2024 maidir leis an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, roghnaíodh cúig thionscadal de chuid na mBallstát chun tacú le hathchóirithe i réimse na meabhairshláinte a chur chun feidhme. Tá cur chuige á mholadh ag CESE maidir le seirbhísí, sin agus roinnt réiteach atá bunaithe ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas, agus is é an aidhm atá aige dea-chleachtais a shainiú a bheidh le comhthiomsú agus le hathchruthú, bunaithe ar chur chuige i leith na meabhairshláinte atá dírithe ar chearta an duine.

3.5. Cuireann EDS i bhfáth nach mór athchóiriú a dhéanamh ar an reachtaíocht nach bhfuil i gcomhréir leis na prionsabail sin. Molann EDS athbhreithniú a dhéanamh ar bheartais agus ar eagrú na seirbhísí meabhairshláinte agus sóisialta atá ann cheana, chun seirbhísí ardcháilíochta a áirithiú agus chun freastal ar riachtanais éagsúla daoine a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu.

3.6. Baineann an-tábhacht le hinfhaighteacht seirbhísí pobalbhunaithe agus le cáilíocht na seirbhísí sin agus ní mór aghaidh a thabhairt ar an méid sin mar ábhar práinne. Dealraíonn sé gur rómhinic a bhíonn dícheangal débhríoch idir fógairtí teoiriciúla agus an cleachtas i ndáiríre, idir prionsabail agus samhlacha eagraíochtúla, agus idir na hacmhainní atá ar fáil agus an méid is indéanta i ndáiríre ó thaobh cóireála agus téarnaimh de, amhail athruithe inláimhsithe ar dhálaí maireachtála agus ar fholláine agus saol laethúil an duine aonair. Ba cheart seirbhísí pobalbhunaithe a phleanáil ar bhonn sonraí staidrimh nach mór a bheith ar fáil.

3.7. Mar fhreagairt air sin, is é an aidhm ba cheart a bheith ann úsáideoirí seirbhísí a chumhachtú, cabhrú leo ról gníomhach a imirt i gcomhdhearadh na seirbhísí agus ina gcóireáil féin, feasacht agus freagracht a mhéadú, agus faireachán leanúnach a dhéanamh freisin ar chaighdeáin cháilíochta agus ar an urraim do chearta an duine le linn na seirbhisí a sheachadadh (uirlisí EDS um Chearta Cáilíochta ([6]), EQUAS etc.).

3.8. Faoin gcoincheap maidir le cur chuige duinelárnach bunaithe ar fhíor-riachtanais an duine aonair, ní mór do na gairmithe agus do na seirbhísí tacaíocht a thabhairt do dhaoine agus cabhrú leo smacht a fháil ar a saol arís, a mhéid agus is féidir agus a gcúinsí pearsanta á gcur san áireamh, ach gan iad a dhíbirt óna mbaile dúchais ná iad a scaradh óna ndaoine muinteartha, agus iad a athnascadh leis an bhfíorshaol, agus leis na caidrimh, na deiseanna agus na roghanna lena mbaineann, chun téarnamh fóinteach a chothú. Ní eascraíonn rudaí nithiúla amhail teach, ioncam, earraí úsáideacha agus an corp féin as an gcóireáil amháin. A mhalairt ar fad, tugann na gnéithe sin brí, treo agus áilleacht don chóireáil. 'Buiséad pearsanta' a thugtar ar an méid sin ([7]). Ba cheart dó an caiteachas poiblí ar an meabhairshláinte a spreagadh.

3.9. Ba cheart seirbhísí meabhairshláinte pobalbhunaithe a bheith ar fáil go leordhóthanach, ar bhonn inrochtana agus inacmhainne. Ba cheart an riosca a sheachaint go n-eagrófaí iad mar chlinicí speisialaithe amháin nach bhfuil ach gníomhaíochtaí d'othair sheachtracha amháin ag baint leo, agus a mbeadh liostaí feithimh fada ag gabháil leo, mar aon le huaireanta oibre teoranta ar laethanta oibre amháin ar feadh cúpla uair an chloig, agus iad scartha ón gcuid eile den phobal áitiúil. Ba cheart an ghné chultúrtha a bhaineann leis na seirbhísí sin a dhíriú ar chearta an duine. Ina theannta sin, níor cheart iad a thógáil ná a mhúnlú bunaithe ar bhrabús, ná do spásanna steiriúla agus feistis steiriúla a bheith ina saintréithe díobh, spásanna a bhíonn i ndroch-chaoi go minic, agus ar rómhinic a bhíonn siad folamh, fuar agus neamhphearsanta. Níor cheart an chuma a bheith orthu go bhfuiltear ag féachaint le cúram bréige a chruthú, ina mbeadh fócas éigin ar chúrsaí a bheith 'beagnach normálta' nó go bhfuiltear ag iarraidh 'othair a bhfuil riochtaí tromchúiseacha orthu agus ar deacair cóireáil a chur orthu' a imeallú, ar othair iad a mbíonn deacrachtaí acu rochtain a fháil ar chóireáil agus a aistrítear gan mhoill chuig saoráidí formheasta príobháideacha.

3.10. A mhalairt ar fad, ba cheart ionaid na seirbhísí sin a bheith ar oscailt gach lá agus a bheith inrochtana, fáilteach agus álainn, áiteanna inar féidir caidreamh a bhunú agus idirghabháil a dhéanamh, ina n-eagrófar agus ina dtreorófar conairí cúraim agus cuimsithe shóisialta sa phobal áitiúil ar bhealaí uathúla, pearsantaithe agus ilghnéitheacha ar mhaithe le brí, naisc agus cumhacht mhargála, agus, ar an gcaoi sin, folláine, a atógáil. Ba cheart iad a dhearadh chun go gcuirfear cúram measúil agus faoi dhínit ar fáil iontu. Ní mór dóibh a bheith ina n-áiteanna a mbraithfidh daoine go bhfuil siad 'sa bhaile' iontu, a bheidh ar oscailt 24 uair an chloig in aghaidh an lae, seacht lá in aghaidh na seachtaine, agus ina dtúsphointe don obair i limistéar ar leith a mbeidh ceantar sainithe ag baint leis (nach mó ná 80 000 duine). Ní mór dóibh fáiltiú roimh phobal iomlán na cathrach ina bhfuil siad lonnaithe agus roimh na grúpaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla atá inti. Ba cheart rochtain a bheith ag an bpobal sin ar na háiteanna sin, agus ba cheart deis a thabhairt dó iad a athrú, chun go mbeifear in ann freagraí a chur ar fáil do dhaoine i gcruachás agus chun go mbeidh na daoine sin in ann fanacht iontu ar feadh tamaill, lena n-áirítear istoíche, más gá sin.

([6]) *WHO QualityRights Tool Kit*.
([7]) https://arts.units.it/handle/11368/3029760.

3.11. I bhfianaise na géarchéime, tá baol ann go bhféadfadh méadú suntasach teacht ar líon na struchtúr cónaithe, agus go mbeidh méid ollmhór acmhainní airgeadais ag teastáil. Ina theannta sin, is cosúil go sáraíonn na samhlacha atá ann cheana a n-acmhainneachtaí glactha. Tá breis agus 40 úsáideoir i gceist leo go minic, agus bíonn siad scoite ó ghnáthshaol laethúil na gcathracha agus na gcomharsanachtaí. Is cosúil nach dtugtar faoi deara iad, gur áiteanna leamha iad agus go ndéantar iad a rialú mar ospidéil shíciatracha, go mbíonn a ndoirse dúnta agus go mbíonn rialacha fhorlámhacha i bhfeidhm iontu. Is minic a bhíonn siad scartha go hoibríochtúil ó na seirbhísí áitiúla sna ceantair ina bhfuil siad lonnaithe, a bhíonn a bhfoirne scartha ó chéile agus a bhíonn easnaimh sna próifílí poist. Is cosúil go bhfuil siad go hiomlán scoite amach ón dtimpeallacht ina bhfuil siad lonnaithe. Den chuid is mó, is áiteanna iad nach gceadaíonn aistriú chuig dóigheanna maireachtála nó comh-mhaireachtála níos neamhspleáiche lenar féidir tacaíocht agus lánpháirtiú sa phobal a chur ar fáil do dhaoine nuair is gá agus chomh fada agus is gá. Léirítear le roinnt mhaith taithí dhearfach go bhfuil an méid sin indéanta, agus gur rud é atá an-inbhuanaithe ó thaobh costas de.

3.12. Is cúis imní é a oiread béime a cuireadh ar shaoráidí cónaithe le déanaí. Cheapfaí go raibh síciatraithe, riarthóirí agus polaiteoirí ag iarraidh áiteanna agus spásanna sainithe a chur ar fáil ar bhonn leanúnach ar féidir leo smacht a fheidhmiú iontu agus an chumhacht chun daoine a choinneáil i ngéibheann ar feadh tréimhse éiginnte a fheidhmiú, seachas cúram a chur ar fáil dóibh. Tá seasamh soiléir glactha ag pobal domhanda na ndochtúirí síciatracha ina leith sin agus é leagtha amach i ndoiciméad faoi leith ([8]).

3.13. De réir taighde a rinne Líonra Sóisialta na hEorpa ([9]), maíonn 65 % dá phobail áitiúla chleamhnaithe nach leor na hacmhainní is gá chun seirbhísí pobalbhunaithe a dhí-institiúidiú agus a chruthú. Áitítear go bhfuil an próiseas fada agus costasach agus go bhfuil difríocht idir an chaoi a gcinneann pobail áitiúla éagsúla acmhainní a infheistiú. Ba cheart a chur i bhfios go láidir freisin gur minic a bhíonn an-éagsúlacht idir na cathracha agus na ceantair thuaithe.

3.14. Bunaithe ar rogha an duine, ba cheart a bheith ag cur i gcónaí le líon na socruithe comh-mhaireachtála, lena n-áirítear seirbhísí ginearálta amhail tithíocht shóisialta do líon beag daoine (ina mbíonn cónaí ar idir duine amháin agus cúigear) agus tithíocht do ghrúpaí (ina mbíonn cónaí ar idir triúr agus cúigear) – a rinneadh a thriail agus a thástáil cheana – agus iad a bhunú i dtithe cónaithe laistigh de bhailte nó i gceantair uirbeacha. Leis na socruithe sin, ba cheart do dhaoine a bheith in ann gnáthshaol laethúil a chaitheamh, dul amach agus páirt a ghlacadh i saol an phobail, agus trí ghníomhaíochtaí an tsaoil laethúil, a stair phearsanta féin a chruthú, muinín a chothú, a rudaí pearsanta féin a bheith acu agus na rudaí sin a roghnú, am agus spás oiriúnach a fháil, agus cur leis na deiseanna atá acu. Is é sin, gnáthshaol a chaitheamh amhail aon saoránach eile. Cuideoidh sé sin freisin chun tacaíocht idir piaraí a chur chun cinn, ní hamháin mar bhealach chun an comhchónaí a chumasú, ach chun comhroinnt taithí a éascú freisin, rannpháirtíocht fhiúntach ardcháilíochta sa phobal agus sa tsochaí i gcoitinne a spreagadh agus a chur chun cinn, agus deis a thabhairt do dhaoine a bheith rannpháirteach, a oiread agus is féidir, trína n-acmhainní airgeadais féin.

3.15. Áirítear ‘teaghlaigh altrama’ leis na féidearthachtaí sin maidir le cumhachtú – lena ndéantar daoine a bhfuil meabhairghalair orthu a ghlacadh isteach i dteaghlaigh óstacha – rud atá ar liosta oidhreacht chultúrtha dholáimhsithe UNESCO.

3.16. Ba cheart aghaidh a thabhairt sna beartais mheabhairshláinte ar shainriachtanais leanaí agus déagóirí, lena n-áirítear na dúshláin agus na brúnna uathúla a mbíonn orthu dul i ngleic leo (mar shampla, seirbhísí speisialaithe agus córais tacaíochta in institiúidí oideachais).

3.17. Ba cheart cineálacha cur chuige saincheaptha do ghrúpaí cultúrtha agus leochaileacha éagsúla, amhail daoine scothaosta, dídeanaithe, an pobal LGBTQ+ agus daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn, chun freagairt do riachtanais shonracha grúpaí éagsúla sa tsochaí.

3.18. Ba cheart taighde leanúnach ar idirghabhálacha éifeachtacha i réimse na meabhairshláinte a spreagadh, agus teicnící teiripeacha nua a fhorbairt, chun a áirithiú go mbunófar na seirbhísí ar an bhfianaise eolaíoch is déanaí. Ina theannta sin, ní mór oiliúint ar an aistriú a chur ar fáil do na gairmithe ar gach leibhéal, agus ní mór don oiliúint sin a bheith ag teacht leis na cuspóirí a leagadh amach.

3.19. Ina theannta sin, is cúis imní do CESE an ganntanas gairmithe meabhairshláinte atá ann. D’fhéadfaí an bhearna sin a líonadh le córas céim ar chéim a bhféadfadh gairmithe éagsúla a bheith rannpháirteach ann ag amanna éagsúla, ag brath ar bhail an úsáideora, agus leas níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a bhaint as na gairmithe atá ann cheana. Níor mhór tacaíocht leanúnach shíceolaíoch agus fhisiciúil a thabhairt do na gairmithe sin chun traochadh a chosc.

([8]) https://www.wpanet.org/_files/ugd/842ec8_e2e8fbfb2d7a4a168f0df4726c528543.pdf.
([9]) https://socialserviceworkforce.org/wp-content/uploads/2024/03/Enhancing-Community-Care_0.pdf.

3.20. Ba cheart ról na teicneolaíochta maidir le feabhas a chur ar na seirbhísí meabhairshláinte a fhorbairt tuilleadh, go háirithe i gceantair iargúlta agus ceantair nach bhfuil freastal ceart á dhéanamh orthu (níor cheart seirbhísí digiteacha a chur in áit seirbhísí beo; mar sin féin, ba cheart leas a bhaint astu chun rochtain ar na seirbhísí sin a éascú i gcásanna áirithe).

3.21. Ní mór cur chuige cuimsitheach a ghlacadh i leith na meabhairshláinte, agus é a bheith ina chuid de ghnátheispéireas saoil an duine aonair, lena n-áirithítear cosc, caomhnú agus cur chun cinn na meabhairshláinte, mar aon leis na caighdeáin is airde is féidir maidir leis an meabhairshláinte, agus lena n-áirithítear go mbeidh sé ar chumas na ndaoine aonair, a mhéid is féidir, a rogha saoil a chaitheamh. Thar aon ní eile, ní mór don tsochaí ina hiomláine a bheith eolach ar chúrsaí meabhairshláinte. Chuige sin, tá sé ríthábhachtach straitéisí a ghlacadh a dhíríonn ar thacaíocht don fhéinionadaíocht.

3.22. Beidh sé ríthábhachtach treoirlínte comhdheartha a chur ar fáil lena gcinnfear caighdeáin shoiléire bunaithe ar chearta an duine agus táscairí a bhaineann leis na hábhair uile a luaitear thuas. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir le próiseas athbhreithnithe córasach chun measúnú leanúnach a dhéanamh ar sheirbhísí meabhairshláinte agus oiriúnú leanúnach a dhéanamh orthu bunaithe ar na torthaí agus ar riachtanais athraitheacha na sochaí.

3.23. Is gné ríthábhachtach iad staidreamh agus sonraí imdhealaithe, lena n-áirítear maidir leis na hacmhainní a infheistítear, chun aonchineálacht an chaiteachais sna críocha éagsúla a thabhairt chun suntais, agus chun an comhleanúnachas a thabhairt chun suntais i ndáil le cuspóir an dí-institiúidithe agus seirbhísí pobalbhunaithe a thógáil. Ní mór, dá bhrí sin, teacht ar chreat fóinteach le haghaidh na mBallstát agus na bpobal áitiúil chun gur féidir an chost-éifeachtúlacht a mheasúnú, agus an gá le tuilleadh acmhainní freisin, b'fhéidir.

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE